# Folúntas: Oifigeach Cumarsáide Páirtaimseartha

Is é An Foras Pátrúnachta an pátrún is mó ar ghaelscoileanna in Éirinn. I mbliana, beidh 17,000 dalta ag freastal ar ár 75 scoil ar fud na tíre. Is mian linn duine fuinniúil, cumasach a cheapadh a chuirfidh teachtaireachtaí na heagraíochta agus saothar ár scoileanna i mbéal an phobail.

**Dualgais:**

- Plean Cumarsáide spriocdhírithe a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Ár spriocphobail a aithint agus príomhtheachtaireachtaí na heagraíochta a chur i bhfeidhm orthu
- Lucht leanúna na heagraíochta agus a rannpháirtíocht a mhéadú ar na meáin shóisialta uilig
- Ábhar spéise ár bpobal a bhailiú agus a phostáil ar na meáin shóisialta
- Tionscnaimh i gcomhpháirt lenár scoileanna a reachtáil
- Físeáin a thaifead agus a chur in eagar le roinnt ar na meáin
- Preasráitis a scríobh agus clúdach leathan ar mheáin áitiúla agus náisiúnta a chinntiú

**Cáilíochtaí inmhianta:**

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh (TEG C1 nó Cumas Comhionann)
- Cáilíocht 3ú leibhéal sa Chumarsáid/sna hIlmheáin nó taithí/scileanna sa réimse seo chomh maith leis na scileanna cuí ríomhaireachta a bhaineann leis an bpost

**Conradh bliana páirtaimseartha** atá i gceist. Íocfar **€20,000 go €30,000** leis an té a cheapfar ag brath ar scileanna & ar cháilíochtaí.

Tá solúbthacht i gceist leis an suíomh don phost. Ní mór don té a cheapfar a bheith féinspreagtha agus ar fáil chun taisteal go hócáidí ó am go ham.

**Iarratais:**

Seol c.v. agus litir iarratais ar ríomhphost go caoimhin@foras.ie faoi 5.00 i.n. ar an 11 Meán Fómhair.

Is féidir aon fhiosrú a ardú ach ríomhphost a sheoladh go cormac@foras.ie